Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2020

# Tíreolaíocht

## Cuid a Dó

## Gnáthleibhéal

## 2 uair 50 nóiméad

400 marc

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(100 marc)**

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(100 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (100 marc)**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceist 1 go 3)**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceist 4 go 6)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**.

## Ceist 1

### 1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An t-imeallbhord
- Trá
- Limistéar de choillearnach mheasctha
- Abhainn Abhóca
- Limistéar talún atá os cionn 200m ar airde.

**[30m]**

### 1B. Carraigeacha

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de bhruthcharraig **agus** déan cur síos agus tabhair míniú ar conas a fhoirmítear bruthcharraigeacha.

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de charraig dhríodair **agus** déan cur síos agus tabhair míniú ar conas a fhoirmítear carraigeacha dríodair.

**[40m]**

### 1C. Idirghníomhú an Duine le Próisis Dromchla

Scrúdaigh an tslí a n-idirghníomhaíonn daoine le ceann **amháin** de na próisis dromchla seo a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Próisis ollghluaiseachta.

**[30m]**

## Ceist 2

### 2A. Bolcáin



Is oscailt i gcreamh an Domhain é bolcán a ligeann do charraig leáite, atá faoin screamh, teacht go dtí an dromchla.

Nuair a bhrúchtann bolcán d'fhéadfadh sé laibhe, gás, luaithreach agus carraigeacha a scaoileadh amach. Is féidir le bolcáin a bheith beo, suanach nó marbh. Meastar go bhfuil 75% de na bolcáin bheo go léir i réigiún ar a dtugtar Fáinne Tine an Aigéin Chiúin, agus meastar go dtarlaíonn 90% de chreathanna talún an domhain sa réigiún sin. Is tír í an Indinéis atá suite sa réigiún sin.

Aslonnaíodh ar a laghad 13,000 duine i mbliana san Indinéis de dheasca brúchtaí a tharla le déanaí. Ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le bolcáin tá scriosadh foirgneamh de dheasca láibshreabha de thoradh brúchtaí, gortú daoine ó thitim carraigeacha agus damáiste do scamhóga ó luaithreach agus gás.

Bíodh is go mbíonn siad contúirteach, bíonn iarmhairtí dearfacha le bolcáin freisin, amhail talamh a dhéanamh agus a mhúnlú, agus sléibhte agus grinneall úrnua farraige a chruthú.

Curtha in oiriúint ó www.nationalgeographic.com

Léigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh **dhá** ábhar a scaoileann bolcán amach le linn brúchtadh bolcánach.

(ii) Cén tír, atá ainmnithe sa téacs, arbh éigean di 13,000 duine ar a laghad a aslonnú de dheasca brúchtaí bolcánacha?

(iii) Liostaigh **dhá** iarmhairt a bhaineann le gníomhaíocht bholcánach atá luaite sa tuairisc.

(iv) Mínigh go hachomair iarmhairt dhearfach **amháin** eile a bhíonn ag gníomhaíocht bholcánach nach luaitear sa tuairisc.

(v) Ainmnigh sampla **amháin** de bholcán a bhfuil staidéar déanta agat air.

(vi) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *bolcán suanach*.

**[30m]**

### 2B. Forbairt Tírghnéithe

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, le cúnamh léaráidí, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**Nó**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**[40m]**

### 2C. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Déan cur síos agus tabhair míniú ar conas idirghníomhaíonn an duine le timthriall na gcarraigeacha agus tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

## Ceist 3

### 3A. Tírghnéithe agus Próisis










Curtha in oiriúint ó www.fodors.com, www.nps.gov agus www.visitlouth.ie

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** atá ar na fótagraif thuas, leis an tírghné is fearr a mheaitseálann í as an liosta thíos:

- Droimnín
- Aill
- Trá.

(ii) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** atá ar na fótagraif thuas, leis an bpróiseas as an liosta thíos is mó a luaitear le foirmiú na tírghné san fhótagraf:

- Sil-leagan cósta
- Creimeadh cósta
- Sil-leagan oighreach.

(iii) Mínigh go hachomair **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Gníomhú hiodrálach
- Scríobchaitheamh.

**[30m]**

### 3B. Tírdhreacha Carstacha

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thírdhreach carstach.

(ii) Mínigh, le cúnamh léaráide, conas a foirmíodh gné **dhromchla amháin** i dtírdhreach carstach.

(iii) Mínigh, le cúnamh léaráide, conas a foirmíodh gné **faoi thalamh amháin** i dtírdhreach carstach.

**[40m]**

### 3C. Fillsléibhte

Agus léaráid(í) mar chúnamh agat, déan cur síos agus tabhair míniú ar conas a fhoirmítear fillsléibhte.

**[30m]**

## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**.

## Ceist 4

### 4A. Réigiún in Éirinn

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.
Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Réigiún **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air
- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún sin
- Baile mór nó cathair ainmnithe **amháin** sa réigiún sin
- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal) sa réigiún sin.

**[30m]**

### 4B. Fairsingiú an Aontais Eorpaigh

(i) Ainmnigh **dhá** thír a ghlac ballraíocht san Aontas Eorpach ó ghlac Éire ballraíocht ann sa bhliain 1973.

(ii) Mínigh na buntáistí d'Éirinn a bhaineann le fairsingiú an Aontais Eorpaigh.

(iii) Mínigh na míbhuntáistí d'Éirinn a bhaineann le fairsingiú an Aontais Eorpaigh.

**[40m]**

### 4C. Talmhaíocht – Réigiún Eorpach

Mínigh conas a théann **dhá** cheann de na tosca atá liostaithe thíos i bhfeidhm ar fhorbairt na talmhaíochta i réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Aeráid
- Rilíf agus ithreacha
- Margaí.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. Ionchas Saoil san Aontas Eorpach

Ionchas saoil san Aontas Eorpach (AE) de réir Aoise (Blianta) agus Inscne, 2019

| | Fireannach | Baineannach |
|---|---|---|
| **An Meán in AE** | 78.3 | 83.5 |
| **An tSualainn** | 80.8 | 84.1 |
| **An Ghréig** | 78.8 | 83.9 |
| **An Laitvia** | 69.8 | 79.7 |
| **Éire** | 80.4 | 84.0 |
| **An Ísiltír** | 80.2 | 83.4 |

Curtha in oiriúint ó www.ec.europa.eu

Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír ina raibh ionchas saoil 78.8 ag fireannaigh in 2019?

(ii) Cén tír ina raibh an t-ionchas saoil is faide le haghaidh baineannach in 2019?

(iii) Ainmnigh **dhá** thír ina bhfuil ionchas saoil na bhfireannach os cionn an Mheáin in AE le haghaidh fireannach.

(iv) Ríomh an difríocht in ionchas saoil na mbaineannach, i mblianta, idir an Laitvia agus an Meán in AE.

(v) Mínigh go hachomair **dhá** chúis a mbíonn ionchas saoil níos ísle ag roinnt tíortha ná mar a bhíonn ag tíortha eile.

**[30m]**

### 5B. Fás Uirbeach i Réigiún Eorpach

Déan plé ar na cúiseanna leis an bhfás i limistéar uirbeach i réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 5C. Gníomhaíochtaí Geilleagracha Treasacha – Réigiún in Éirinn

Freagair gach ceann díobh seo a leanas agus tagairt agat do **réigiún in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach threasach **amháin** a chuireann le geilleagar an réigiúin sin.


(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún sin maidir le forbairt na gníomhaíochta geilleagraí treasaí a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach threasach sin sa réigiún sin.

**[40m]**

## Ceist 6

### 6A. Fostaíocht in Éirinn




Curtha in oiriúint ó www.cso.ie

Scrúdaigh an chairt thuas a thaispeánann céatadán na ndaoine a bhí fostaithe sna catagóirí difriúla in earnáil an agraibhia in Éirinn in 2017, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén earnáil a d'fhostaigh an líon is mó daoine in 2017?

(ii) Ríomh **X**, an céatadán (%) a bhí fostaithe in earnáil an Bhia.

(iii) Cén chatagóir ar an gcairt atá ina sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil?

(iv) Ainmnigh **dhá** bharr ar bith a fhástar in Éirinn.

(v) Ainmnigh táirge bia Éireannach **amháin agus** ainmnigh táirge dí Éireannach **amháin**.

(vi) Mínigh go hachomair cúis **amháin** nach bhfuil ach fostaíocht 2% i dtionscal na próiseála adhmaid.

**[30m]**

### 6B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha – Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach

Mínigh **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas agus tagairt agat do réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Na tosca a théann i bhfeidhm ar **thalmhaíocht** sa réigiún
- Tábhacht na **déantúsaíochta** sa réigiún.
- Na **cúiseanna** a mhealltar turasóirí go dtí an réigiún.p

**[40m]**

### 6C. Réigiúin agus Cultúir

Is minic a mhúnlaíonn na tosca seo a leanas an cultúr i réigiún:

Reiligiún Teanga Spórt/Cluichí Ceol/Damhsa

Déan cur síos agus tabhair míniú ar an tábhacht a bhaineann le cultúr in aon réigiúin a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Cúrsa iomlán mhótarbhealach an M11
- Cúrsa iomlán na líne iarnróid
- Galfchúrsa 18 bpoll
- Oifig an phoist
- An limistéar faoi fhoirgnimh san Inbhear Mór laisteas de Abhainn Abhóca.

**[30m]**

**7B. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Mínigh na cúiseanna atá le fás na turasóireachta **nó** le fás seirbhísí airgeadais sa gheilleagar forbartha a d'ainmnigh tú i gcuid (i) thuas.

(iii) Mínigh buntáiste **amháin** do gheilleagair fhorbartha a bhaineann leis an turasóireacht **nó** le seirbhísí airgeadais.

(iv) Mínigh fadhb **amháin** a bhíonn ann mar thoradh ar an turasóireacht **nó** mar thoradh ar sheirbhísí airgeadais.

**[40m]**

**7C. Iarmhairt ar an gComhshaol – Breoslaí Iontaise**

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de bhreoslaí iontaise.

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an iarmhairt ar an gcomhshaol a bhaineann le breoslaí iontaise a dhó.

**[30m]**

## Ceist 8

### 8A. Cuideachtaí Ilnáisiúnta

Na Cuideachtaí Ilnáisiúnta is Fearr Feidhmíocht
ar Domhan, 2019

| Cuideachta | Luach margaidh ($SAM billiún) |
|---|---|
| Apple | 960 |
| Microsoft | 950 |
| Amazon | 920 |
| Alphabet | 860 |
| Berkshire Hathaway | 520 |

Curtha in oiriúint ó www.ceoworld.biz

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann na cuideachtaí ilnáisiúnta is fearr feidhmíocht ar domhan in 2019, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, ríomh an difríocht ($SAM billiún) a bhí idir luach margaidh na cuideachta ilnáisiúnta is airde rangú agus luach margaidh na cuideachta ilnáisiúnta a bhí rangaithe sa chúigiú háit.

**[30m]**

### 8B. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tá sé beartaithe óstán nua a thógáil ag pointe T 253 735.

(i) Déan cur síos agus tabhair míniú ar bhuntáistí an tsuímh seo.

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar mhíbhuntáistí an tsuímh seo.

(iii) Ag baint úsáid as tagairt eangaí sé fhigiúr, mol suíomh eile don óstán nua **agus** mínigh go hachomair cúis **amháin** ar roghnaigh tú an suíomh eile sin.

**[40m]**

### 8C. Gníomhaíocht Gheilleagrach agus Coimhlint


(i) Ainmnigh sampla **amháin** den chaoi ar tháinig coimhlint chun cinn idir dhaoine mar thoradh ar fhorbairt gníomhaíochtaí geilleagracha.

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an gcoimhlint sin.

**[30m]**

## Ceist 9

### 9A. Fuinneamh in Éirinn




Scrúdaigh an chairt thuas a thaispeánann céatadán an tsoláthair fuinnimh phríomhúil de réir cineál breosla in Éirinn in 2017, agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén cineál breosla a sholáthair an céatadán is airde d'fhuinneamh na hÉireann in 2017?

(ii) Cén céatadán d'fhuinneamh príomhúil a fuarthas ó fhuinneamh in-athnuaite in 2017?

(iii) Ríomh an céatadán d'fhuinneamh príomhúil a sholáthair ola, gás agus gual le chéile in 2017.

(iv) Ainmnigh **dhá** shampla d'fhuinneamh in-athnuaite.

(v) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite.

(vi) Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite.

**[30m]**

### 9B. Cuideachta Ilnáisiúnta

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** atá lonnaithe in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, **agus** ainmnigh táirge **amháin** a dhéanann sí.

(ii) Luaigh an áit in Éirinn a bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta sin lonnaithe **agus** mínigh go mionsonrach an chúis ar lonnaíodh san áit seo í.

(iii) Mínigh cúis **amháin** a ndéanfadh an chuideachta ilnáisiúnta sin cinneadh aistriú go tír eile.

**[40m]**

### 9C. Beartas an Aontais Eorpaigh

Mínigh an chaoi a bhfuil beartas an Aontais Eorpaigh tar éis dul i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**10A. Inimirce**

Meastacháin ar an Líon Inimirceach go hÉirinn

| Bliain | Líon Inimirceach |
|---|---|
| 2010 | 42,000 |
| 2012 | 57,000 |
| 2014 | 67,000 |
| 2016 | 82,000 |
| 2018 | 90,000 |

Curtha in oiriúint ó www.cso.ie

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann meastacháin ar líon na n-inimirceach a tháinig go hÉirinn de réir bliana, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair cúis **amháin** ar méadaíodh líon na n-inimirceach a tháinig go hÉirinn ó 2010 i leith.

**[30m]**

**10B. Forbairt ar Lonnaíochtaí Uirbeacha**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Inbhear Mór a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis ar fhorbair baile mór an Inbhir Mhóir sa suíomh sin, agus fianaise ón aerfótagraf agat mar thaca le gach cúis.

**[30m]**

**10C. Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha atá ag fás go tapa.

(ii) Mínigh cúis **amháin** le fás tapa na cathrach a luaigh tú i gcuid (i) thuas.

(iii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar **thrí** fhadhb ar bith a bhaineann le fás tapa na cathrach seo atá sa domhan i mbéal forbartha.

**[40m]**

## Ceist 11

### 11A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Inbhear Mór a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An t-imeallbhord
- An abhainn
- Raon reatha
- Carrchlós mór i lár an talaimh láir
- Eastát tithíochta sa chúlra ar dheis.

**[30m]**

### 11B. Feidhmeanna Uirbeacha

(i) Ainmnigh limistéar uirbeach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Ainmnigh **dhá** fheidhm ar bith a bhaineann leis an limistéar uirbeach a d'ainmnigh tú i gcuid (i) thuas.

(iii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an gcaoi ar tháinig athrú le himeacht aimsire ar fheidhmeanna an limistéir uirbigh seo.

**[30m]**

### 11C. Imirce – Éire

Tarlaíonn imirce mar thoradh ar thosca brú agus ar thosca tarraingthe.

(i) Ainmnigh toisc bhrú amháin **agus** toisc tharraingthe amháin a bhaineann leis an imirce in Éirinn.

(ii) Déan plé ar iarmhairtí dearfacha na himirce ar Éirinn.

(iii) Déan plé ar iarmhairtí diúltacha na himirce ar Éirinn.

**[40m]**

## Ceist 12

### 12A. Cúrsaí Iompair in Éirinn

An Dáileachán Turas in Éirinn de réir Cineál Iompair in 2014 agus in 2016 (%)

| Cineál Iompair | 2014 | 2016 |
|---|---|---|
| Carr | 75.3% | 75.1% |
| Siúl | 14.8% | 14.6% |
| Iompar Poiblí | 5.8% | 5.5% |
| Rothar | 1.6% | 1.7% |
| Eile | 2.5% | 3.1% |

Curtha in oiriúint ó www.cso.ie

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an dáileachán turas, mar chéatadáin, a rinneadh in Éirinn le cineálacha difriúla iompair sna blianta 2014 agus 2016, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén céatadán de na turais a rinneadh i gcarr in 2014?

(ii) Cén cineál iompair a úsáideadh sa chéatadán is ísle turas in 2016?

(iii) Ríomh céatadán iomlán na dturas a rinneadh i gcarr agus ar iompar poiblí le chéile in 2016.

(iv) Ainmnigh **dhá** shampla den iompar poiblí atá ar fáil i gcathracha ar nós Bhaile Átha Cliath.

(v) Liostaigh **dhá** shlí a ndéanann na húdaráis i limistéir uirbeacha iarracht laghdú a chur ar líon na ndaoine a thaistealaíonn i gcarr.

(vi) Mínigh go hachomair fadhb **amháin** a d'fhéadfadh teacht chun cinn i limistéir ina ndéantar céatadán ard na dturas i gcarr.

**[30m]**

### 12B. Sraoilleáil Uirbeach

(i) Ainmnigh cathair **amháin** inar tharla sraoilleáil uirbeach.

(ii) Mínigh na cúiseanna ar tharla sraoilleáil uirbeach sa chathair sin.

(iii) Déan cur síos ar réiteach **amháin** ar shraoilleáil uirbeach.

**[30m]**

### 12C. Dáileadh Lonnaíochta

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Tabhair tagairt eangaí do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil **easpa** lonnaíochta.

(ii) Mínigh go mionsonrach, agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, cén fáth a bhfuil **easpa** lonnaíochta sa suíomh seo.

(iii) Tabhair tagairt eangaí do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil dlús na lonnaíochta measartha **ard**.

(iv) Mínigh go mionsonrach, agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, cén fáth a bhfuil dlús na lonnaíochta measartha **ard** sa suíomh seo.

**[40m]**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a Dó

2 uair 50 nóiméad